**Cuireadh teip an chórais chun cinn** arís ag **tús ré an choróinvíris**. Léirigh **an easpa sonraí oifigiúla a bhí ag an stát** faoi **dhul chun cinn na ndaltaí laigí an chórais** nuair a **chuathas i muinín na dtorthaí tuartha** dón chéad uair in 2020. Le **cealladh na scrúduithe stáit toisc shrianta an víris**, rinne an rialtas iarracht **measúnú** a dhéanamh ar **dhaltaí an tséú bliain in éagmais scrúdú deiridh**. Léiríodh gur bheag **eolas cothrom cruinn** a bhí ag an stát **i dtaobh chaighdeán na ndaltaí** agus, dá réir, **iarradh** ar mhúinteoirí 'buille faoi thuairim' a thabhairt faoin ngrád a bhí **tuillte** ag an dalta bunaithe ar a gcuid torthaí i scrúduithe ranga agus measúnú leanúnach. Ba léir, áfach, go ndeachaigh **claontaí na múinteoirí** agus b'fhéidir fiú a gcuid mothúchán **i bhfeidhm** ar na torthaí a thug siad mar tharla **boilsciú gráid** uafásach, rud a rinne **éagóir** do na daltaí a thug faoin scrúdú an bhliain roimhe sin. Is cinnte nach raibh an **locht** ar na múinteoirí, ach ar an gcóras oideachais toisc **nár bailíodh** aon **sonraí** faoi chaighdeán na ndaltaí go foirmeálta a bheidís in ann a úsáid chun **torthaí tuartha cruinne** a



Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.

thabhairt. An bhliain ina dhiaidh sin, rinne **coimisiún na scrúduithe stáit** agus an rialtas iarracht **an dá thrá a fhreastal** tríd an deis a thabhairt dóibh scrúdú a dhéanamh, **toradh tuartha** a fháil, nó an dá cheann a fháil. Ina ainneoin seo, **mhair an fhadhb** agus **d'ardaigh meántorthaí** go mór. In áiteanna, **léiríodh** gurbh **athruithe chun donais** iad na hathruithe a rinneadh ar thorthaí daltaí leis an gcoimisiún **ag baint marcanna** ó dhaltaí. **Dúradh** fosta **go ndearnadh é seo** gan aon chiall, le daltaí randamacha **ag cailleadh pointí tábhachtacha** mar gheall ar **roghanna gan bhunús.**

***Meántorthaí***
*Average grades*

***Pointí tábhachtacha***
*Important points*

**Conclúid → CONCLUSION**

Tá **tuairimí éagsúla ag an uile dhuine** maidir leis an gcóras oideachais. **Spreagadh** plé le déanaí mar gheall ar **thionchar na dtorthaí tuartha**, athruithe san Ardteist agus sa tSraith Shóisearach, **teip chóras na bpointí agus tionchar na paindéime** ar scoileanna. Is léir nach bhfuil gach éinne **ar an intinn chéanna i dtaobh an chórais** agus **gur deacair beirt a aimsiú a roinneann an tuairim chéanna faoi chuile chuid den chóras oideachais dara leibhéal**. Is léir don dall nach bhfuil an córas atá againn gan locht, **rud ar chuir cealladh na scrúduithe stáit solas air**, agus go bhfuil athrú ag teastáil ar bhealach éigin sa todhchaí. Ina ainneoin seo, caithfear **castacht an ábhair seo a chur san áireamh** le tuiscint go **mbíonn rogha an dá dhíogha ag an té** a dhéanann iarracht é a athrú…

***Teip chóras na bpointí***
*Failings of the points system*

***Castachta an ábhair***
*Complexity of the topic*

| Grammar Grid | | |
|---|---|---|
| **Téarma** | **An Tuiseal Ginideach** | **Aistriúchán** |
| An tSraith Shóisearach | __________ na Sraith**e** Sóisear**aí** | *The Junior Cycle* |
| An Ardteist | __________ na **h**Ardteist**e** | *The Leaving Certificate* |
| Na torthaí tuartha | __________ na **d**torthaí tuartha | *Predicted grades* |
| An córas oideachais | __________ an c**h**ór**a**is oideachais | *The education system* |
| An chianfhoghlaim | Na cianfhoghl**ama** | *Remote learning* |
| An dalta | An dalta | *The student* |
| Na daltaí | Na **n**daltaí | *The students* |
| An buntáiste<br>Na buntáistí | An b**h**untáiste<br>Na **m**buntáistí | *The advantage*<br>*The advantages* |
| Na hathruithe | Na **n-**athruithe | *The changes* |
| Na hiarpháipéir scrúdaithe | Na **n-**iarpháipé**a**r scrúdaithe | *Past papers* |
| An teicneolaíocht | Na teicneolaíocht**a** | *Technology* |



THE INSTITUTE OF EDUCATION FOUNDED 1969
Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.

# EOCHAIRFHOCAIL

| Eochairfhocail | Aistriúchán |
|---|---|
| **An tSraith Shóisearach** | The Junior Cycle |
| **An Ardteist** | The Leaving Certificate |
| **Cúrsa na Sraithe Sóisearaí** | The Junior Cycle Course |
| **Cúrsa na hArdteiste** | The Leaving Certificate Course |
| **Córas na bpointí** | The points system |
| **Torthaí tuartha / toradh tuartha** | Predicted grades / predicted grade |
| **Cianfhoghlaim** | Remote learning |
| **An córas oideachais** | The education system |
| **Toisc na n-athruithe** | Because of the changes |
| **Na hathruithe atáthar ag moladh don Ardteist** | The changes they are advising for the Leaving Certificate |
| **Ag easaontú** | Disagreeing |
| **Tuairim láidir** | Strong opinion |
| **Cur i bhfeidhm na hArdteiste** | Implementation of the Leaving Cert |
| **Go scarfaí daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge…** | That students who attend Irish-speaking schools would be divided… |
| **In aghaidh na n-athruithe** | Against the changes |
| **Athrú chun donais** | Change for the worse |
| **Méid litríochta** | Amount of literature |
| **Ní ba mhó brú ar dhaltaí i nGaelscoileanna** | More pressure on students in Irish-speaking schools |
| **Scrúduithe stáit** | State examinations |
| **Ceannlínte** | Headlines |
| **Go bhfuiltear ag moladh athruithe cosúla** | That similar changes are being proposed |
| **Idirdhealú idir daltaí T1 agus T2** | Distinction between L1 and L2 students |
| **Rud a dhéanfadh dochar do thodhchaí na Gaeilge** | Something that would damage the future of Iish |
| **Cuireadh teip an chórais chun cinn** | The failings of the system were highlighted |
| **Ré na dtorthaí tuartha** | Age of predicted grades |
| **Córas míchothrom** | Unfair system |
| **Foghlaim de ghlanmheabhair** | Rote learning |
| **Scileanna foghlama, taighde agus machnaimh** | Learning, research, and reflective skills |
| **Eolas neamhthábhachtach** | Unimportant information |
| **A chur de ghlanmheabhair** | To rote learn |
| **Níl sé de rogha ag múinteoirí** | Teachers do not have the choice |



*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

| | |
|---|---|
| **Iarpháipéir scrúdaithe** | Past papers |
| **Téacsleabhair** | Textbooks |
| **An chloch is mó ar phaidrín na múinteoirí** | The biggest stone on teachers' Rosary (the most important thing to teachers) |
| **Ábhair spéisiúla** | Interesting subjects |
| **Spéis na ndaltaí** | Interest of the students |
| **Ar an scáileán** | On the screen |
| **Easpa béime ar an bhforbairt phearsanta** | Lack of emphasis on personal development |
| **Beirt daltaí** | Two students |
| **Téitear i muinín roghnú fánach** | Random selection is utilised |
| **Ár gcóras seanchaite** | Our outdated system |
| **Fíricí bitheolaíochta** | Biology facts |
| **Sleachta filíochta** | Poetry quotes |
| **Ar theanga na ndaltaí** | In the students' repertoire |
| **An easpa sonraí oifigiúla** | The lack of official data |
| **Dul chun cinn na ndaltaí** | Progress of the students |
| **Laigí an chórais** | Weaknesses of the system |
| **Cealladh na scrúduithe stáit** | Cancelling of the state exams |
| **Toisc shrianta an víris** | Because of the restrictions of the virus |
| **Measúnú** | Assessment |
| **Daltaí an tséú bliain** | Sixth-year students |
| **In éagmais scrúdú deiridh** | In the absence of a final exam |
| **An t-eolas cothrom cruinn** | Fair, precise information |
| **i dtaobh chaighdeán na ndaltaí** | Regarding the standard of students |
| **Tuillte** | Deserved |
| **Boilsciú gráid** | Grade inflation |
| **Nár bailíodh** | That was not collected |
| **Coimisiún na scrúduithe stáit** | The State Examinations Commission |
| **An dá thrá a fhreastal** | Kill two birds with one stone |
| **Roghanna gan bhunús** | Decisions with no basis |
| **Teip chóras na bpointí** | Failings of the points system |
| **Ar an intinn chéanna** | On the same wavelength |
| **Castacht an ábhair seo** | Complexity of the subject |
| **Rogha an dá dhíogha** | Stuck between a rock and a hard place |



THE INSTITUTE OF EDUCATION FOUNDED 1969

*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

# ESSAY ANALYSIS

- As grammar and language are the main focus in the composition question, you should strive to incorporate some of the more advanced areas of Irish grammar in your answer where possible.
- Below is a grammatical analysis of the sample answer on the Education System to show how these grammatical components can be incorporated throughout your answer.

| **Area of Language** |
|---|
| Normal Noun Rules (*an fear, an bhean, an tslí, an t-ospidéal*) |
| Prepositions (*ar bhord, leis an gcailín, sa siopa*) |
| Genitive Case (*lámh an fhir, hata na mná, ar fud na slí, chun an ospidéil*) |
| Conditional Tense (*dhéanfainn, chuirfeadh sí, cheannóimis*) |
| An Chopail (*is, ba, arbh*) |
| Adjectives (*áis mhaith, gráid chothroma*) |
| Briathar Saor (*deirtear, cuireadh, dhéanfaí*) |
| Dependent Forms (*nach bhfuil, níor éirigh, go raibh*) |

- Also highlighted are compositional techniques such as the use of connective phrases, punctuation, rhetorical questions, and opinion vocabulary that strengthen your answer.

**Réamhrá**

Unique → Grammatical form ***in Éirinn***

**8 uses of the genitive case**

*Use of the* ***comparative adjective*** →

Is ábhar é an córas oideachais atá go mór chun tosaigh **in Éirinn** i láthair na huaire toisc na n-athruithe a tháinig ar chúrsa na Sraithe Sóisearaí le déanaí. Anuas ar athruithe a tharla sa chúrsa sóisearach, tá na hathruithe atáthar ag moladh don Ardteist i mbéal an phobail le grúpaí éagsúla ag easaontú maidir leis na moltaí agus na hathruithe a bhaineann leo. Tá córas na bpointí, rud a bhfuil tuairim láidir ag formhór an phobail faoi, á phlé le fada an lá fosta. Mar gheall ar thorthaí tuartha agus na constaicí a chuir an phaindéim ar chur i bhfeidhm na hArdteiste, tá an t-ábhar seo níos conspóidí agus níos casta ná mar a bhí riamh.



*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

**Alt 1: An tSraith Shóisearach**

***Briathar saor** in the **conditional tense** →*

*Use of the **comparative adjective** →*

**6 uses of the conditional tense**

**9 uses of the briathar saor**

**19 uses of the genitive case!**

Bhí na hathruithe i gcúrsa na Sraithe Sóisearaí ar cheann de na príomhábhair phlé sa nuacht nuair a cuireadh i bhfeidhm iad mar gheall ar na tuairimí láidre éagsúla a bhí ag daoine a bhfuil baint acu leis an oideachas, anuas ar dhaoine nach raibh aon bhaint acu leis an gcóras oideachais. Ceann de na príomhathruithe sa chóras ná go **scarfaí** daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (dream ar tugadh daltaí T1 orthu) ó dhaltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (daltaí T2). Dar leis na daoine a bhí in aghaidh na n-athruithe, b'athrú iomarcach é agus dúradh gur athrú chun donais a bhí ann agus go ndéanfar dochar don Ghaeilge mar gheall ar an athrú amaideach seo. **Chomh maith leis seo**, chuaigh an méid litríochta a bhí le déanamh ag daltaí, dream a raibh mé féin páirteach leo, i méid le húrscéal agus dráma iomlán le déanamh anuas ar scéalta, dánta agus amhráin. Agus murar leor é sin, tar éis na míonna fada a chaitheamh i mbun anailíse ar théacs ar leith, bheadh an baol ann nach mbeadh an téacs ar an bpáipéar! Dar leis na daoine a bhí ag troid in aghaidh na n-athruithe, bheadh ní ba mhó brú ar dhaltaí i nGaelscoileanna, dream a bhfuil brú orthu cheana féin mar tá orthu a scrúduithe stáit go léir a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Cuireadh béim ar an éagóir seo sna ceannlínte agus dúradh gur mór an náire é mar bhí daltaí Gaelscoile agus daltaí ón nGaeltacht ag cailleadh an bhuntáiste a bhí acu. Ar an láimh eile, tá an dream a deir nár cheart go mbeadh an buntáiste seo ag daltaí Gaelscoile sa chéad áit. Cuireadh an cheist seo chun cinn sa nuacht le déanaí nuair a tháinig chun solais go bhfuiltear ag moladh athruithe cosúla do Ghaeilge na hArdteiste. Mar gheall ar an gcóras atáthar ag moladh le hidirdhealú idir daltaí T1 agus daltaí T2, tá tuistí ó Chonamara ag rá go seolfaidh siad a bpáistí go scoileanna lán-Bhéarla, rud a dhéanfadh dochar do thodhchaí na Gaeilge gan aon agó.

**Alt 2: Cianfhoghlaim agus an Teicneolaíocht**

*Use of the **comparative adjective** →*

Ní raibh tionchar na paindéime ní ba shoiléire in aon chuid den sochaí, seachas an córas sláinte agus tionscal na turasóireachta, ná an córas oideachais dara leibhéal. Chonacthas athruithe chun donais agus athruithe chun maitheasa maidir le cianfhoghlaim agus chuir eagraíochtaí éagsúla tuairimí in iúl i dtaobh thionchar na n-athruithe seo. Ar lámh amháin, thug an chianfhoghlaim deis do dhaltaí faoi mhíchumas agus daltaí a bhfuil cónaí orthu fada ón scoil teacht ar ranganna go héasca agus bheith ar a suaimhneas ag obair ón teach. Murach an teicneolaíocht agus acmhainní digiteacha, ní bheadh daltaí dara leibhéal in ann obair scoile a



THE INSTITUTE OF EDUCATION FOUNDED 1969

*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

*Strong repeated use of* ***opinion vocabulary*** *and* ***connective expressions →***

dhéanamh, teagmháil a dhéanamh lena múinteoirí, nó cabhrú lena chéile. Ach, ní insíonn sé seo an scéal iomlán. Dar leis na saineolaithe, ní fhoghlaimíonn daltaí i gceart ón gcianfhoghlaim agus is minice a theipeann orthu díriú ar an rang más ag breathnú ar scáileán atá siad. **Chomh maith leis seo**, is léir an dochar a dhéanann sé do mheabhairshláinte agus féinmhuinín an duine nuair nach bhfuil deis ag daltaí labhairt lena gcairde nó dul amach ag imirt spóirt. **Is follas** nach raibh an locht ar an gcóras oideachais dara leibhéal maidir leis an bhfadhb seo, ach le linn na paindéime mar gheall ar na srianta éagsúla, níor éirigh le scoileanna corpoideachas, ranganna spraíúla praiticiúla nó ranganna féinfhorbartha a chur ar siúl agus **is cinnte** go ndearna sé seo dochar d'fholláine na ndaltaí.

### Alt 3: Córas na bPointí

*Combination of* ***comparative adjective*** *and* ***an chopail →***

*Use of the* ***comparative adjective →***

*Use of the* ***personal numbers →***

***Rhetorical question →***

Tá córas na bpointí á phlé agus á cháineadh ag an bpobal le fada an lá. Fiú, roimh ré na dtorthaí tuartha, dúradh gur córas míchothrom atá ann a chúitíonn foghlaim de ghlanmheabhair in ionad ag spreagadh scileanna foghlama, taighde agus machnaimh. Deirtear gur tábhachtaí na scileanna seo sa saol mór, ná eolas neamhthábhachtach a chur de ghlanmheabhair. Mar gheall ar an gcóras atá i bhfeidhm, níl sé de rogha ag múinteoirí gan uaireanta fada a chaitheamh ag breathnú ar na téacsleabhair, ag déanamh iarpháipéir scrúdaithe agus ag tabhairt píosaí móra obair bhaile dá gcuid daltaí. **Mar gheall air seo**, bíonn torthaí **ar an gcloch is mó ar phaidrín na múinteoirí** níos minice ná a mhalairt agus ní thugtar an deis dóibh díriú ar ábhair spéisiúla a spreagfadh spéis na ndaltaí nó grá don ábhar. **Anuas air seo**, sa chóras seo ina bhfuil na trí uimhir a fheictear ar an scáileán i lár mhí Lúnasa níos tábhachtaí ná aon ní eile, cuirtear easpa béime ar an bhforbairt phearsanta agus an iomarca béime ar fhoghlaim de ghlanmheabhair. **Is léir**, fiú, go dteipeann ar an gcóras seo go minic nuair a fhaigheann beirt daltaí na pointí céanna agus téitear i muinín roghnú fánach. Caithfear an cheist a chur mar seo, ar cheart dúinn ár gcóras seanchaite a athrú, nó an bhfuil sé níos tábhachtaí dúinn go mbeidh méid ollmhór fíricí bitheolaíochta agus sleachta filíochta ar theanga na ndaltaí**?**

### Alt 4: Torthaí Tuartha agus an Phaindéim

*Strong use of* ***subject-specific vocabulary →***

Cuireadh teip an chórais chun cinn arís ag tús ré an choróinvíris. Léirigh an easpa sonraí oifigiúla a bhí ag an stát faoi dhul chun cinn na ndaltaí laigí an chórais nuair a chuathas i muinín na dtorthaí tuartha dón chéad uair in 2020. Le cealladh na scrúduithe stáit toisc shrianta an víris, rinne an rialtas iarracht measúnú a dhéanamh ar dhaltaí an tséú bliain in éagmais scrúdú deiridh. Léiríodh gur bheag eolas cothrom cruinn a bhí ag an stát i dtaobh chaighdeán na



Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.

ndaltaí agus, dá réir, iarradh ar mhúinteoirí 'buille faoi thuairim' a thabhairt faoin ngrád a bhí tuillte ag an dalta bunaithe ar a gcuid torthaí i scrúduithe ranga agus measúnú leanúnach. **Ba léir**, áfach, go ndeachaigh claontaí na múinteoirí agus b'fhéidir fiú a gcuid mothúchán i bhfeidhm ar na torthaí a thug siad mar tharla boilsciú gráid uafásach, rud a rinne éagóir do na daltaí a thug faoin scrúdú an bhliain roimhe sin. **Is cinnte** nach raibh an locht ar na múinteoirí, ach ar an gcóras oideachais toisc nár bailíodh aon sonraí faoi chaighdeán na ndaltaí go foirmeálta a bheidís in ann a úsáid chun torthaí tuartha cruinne a thabhairt. An bhliain ina dhiaidh sin, rinne coimisiún na scrúduithe stáit agus an rialtas iarracht an dá thrá a fhreastal tríd an deis a thabhairt dóibh scrúdú a dhéanamh, toradh tuartha a fháil, nó an dá cheann a fháil. **Ina ainneoin seo**, mhair an fhadhb agus d'ardaigh meántorthaí go mór. In áiteanna, léiríodh gur athrú chun donais iad na hathruithe a rinneadh ar thorthaí daltaí leis an gcoimisiún ag baint marcanna ó dhaltaí. Dúradh fosta go ndearnadh é seo gan aon chiall, le daltaí randamacha ag cailleadh pointí tábhachtacha mar gheall ar roghanna gan bhunús.

**9 uses of the briathar saor!**

**Conclúid**

Tá tuairimí éagsúla ag an uile dhuine maidir leis an gcóras oideachais. Spreagadh plé le déanaí mar gheall ar thionchar na dtorthaí tuartha, athruithe san Ardteist agus sa tSraith Shóisearach, teip chóras na bpointí agus tionchar na paindéime ar scoileanna. **Is léir** nach bhfuil gach éinne ar an intinn chéanna i dtaobh an chórais agus gur deacair beirt a aimsiú a roinneann an tuairim chéanna faoi chuile chuid den chóras oideachais dara leibhéal. **Is léir don dall** nach bhfuil an córas atá againn gan locht, rud ar chuir cealladh na scrúduithe stáit solas air, agus go bhfuil athrú ag teastáil ar bhealach éigin sa todhchaí. **Ina ainneoin seo**, caithfear castacht an ábhair seo a chur san áireamh le tuiscint go mbíonn rogha an dá dhíogha ag an té a dhéanann iarracht é a athrú…

*__Colloquial Irish__ and use of __punctuation__ in the concluding sentence →*



Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.

# AN tSRAITH PICTIÚR

- The picture sequence is the **fourth** part of the oral exam.
- It is the final thing you will do in the oral exam.
- It is worth **80 marks**.
- In this section, you will have to tell the story of a sequence of pictures.
- You will have the picture sequence **prepared in advance**.
- There are **20 picture sequences** on the course and the examiner will choose which sequence you will do → you do not get a choice.

Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead




Breoite ar Scoil








Unauthorised publication, distribution
or reproduction of these notes is prohibited.

| Sections of the Picture Sequence |
|---|
| **Scéal na sraithe a insint → TELLING THE STORY** |
| • This section will be prepared in advance.<br>• You will describe what can be seen in the picture.<br>• You will use general vocabulary and useful verbs to the tell a continous story.<br>• This will take approximately 3 minutes.<br>• The most important thing in the picture sequence is that you focus on the most important aspects of the picture sequence and do not spend excessive time discussing things that will not contribute to the story. |
| **Trí cheist a chur → ASKING 3 QUESTIONS** |
| • You will have prepared these questions in advance and you only need to ensure that they are grammatically precise.<br>**→ YOU DO NOT NEED LONG QUESTIONS!**<br>• It is better to ask questions that imply which section of the story you are asking about without saying 'sa tríú/ceathrú/cúigiú pictiúr'. |
| **Trí cheist a fhreagairt → ANSWERING 3 QUESTIONS** |
| • The examiner will ask you 3 questions.<br>• These questions are usually quite simple, but you normally need a bit of vocabulary from the picture sequence, e.g. *Cad a bhí i lámh an fhir nuair a bhí sé sa siopa?*<br>• You should use **full sentences** in your answer to ensure you get a good mark. |

| An Scéim Marcála | |
|---|---|
| **Ag insint an scéil** | **70 marc** |
| **Cumas** | **50 marc** |
| **Cruinneas** | **20 marc** |
| **Ceisteanna** | **10 marc** |
| **Trí cheist a chur** | **3 marc** |
| **Trí cheist a fhreagairt** | **7 marc** |



THE INSTITUTE OF EDUCATION FOUNDED 1969
Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.

# Ag insint an scéil (70)

**1. Cumas (50)**

- *Cumas* relates to your **standard of Irish**.
- Included in this section are:
    - *Saibhreas agus fairsingeacht foclóra* → **WEALTH AND DEPTH OF VOCABULARY**
    - *Foclóir oiriúnach don ábhar cuí* → **SUITABLE VOCABULARY**
    - *Cumas chun scéal seasta leanúnach a insint* → **ABILITY TO TELL A CONTINOUS STORY**
    - *Teanga agus dul nádúrtha na Gaeilge* → **NATURAL FLOW OF IRISH**

- You should therefore try to spend a relatively even amount of time on each picture to show that you have enough vocabulary to describe all elements of the story.
- As well as this, a low standard of Irish could affect your *cumas* mark if the standard of Irish has an impact on the flow of your answer or if parts of your answer or unintelligible.
    - Therefore, **grammatical competence** and your **standard of Irish** are imperative to getting a good mark in the picture sequence.

**2. Cruinneas (20)**

- Cruinneas → Grammar!
- Included in this section are:
    - *Comhréir nádúrtha*
    - *Briathra agus na haimsirí*
    - *Ainmfhocail agus na tuisil*
    - *Úsáid na copaile*
    - *Athruithe tosaigh agus deiridh*

- As you prepare, it is very important that you make sure there are no mistakes in your answers and that you have learned all phrases correctly to make sure you do not lose any easy marks.
- While you can get marks with sentences that are of a high standard grammatically, it is more important that you have correct syntax and don't have basic errors with important areas of language like **verbs** and **nouns**.
- Use **simple precise sentences** to avoid mistakes and, if you are adding to the story, make sure there are no mistakes in what you have added **BEFORE YOU LEARN IT**.

**THE STORY MUST BE TOLD IN ONE TENSE ONLY. This is most commonly the past tense, but present is also acceptable. THEREFORE, MAKE SURE YOU STAY IN ONE TENSE. I.E. <u>NO 'TÁ' IN THE PAST TENSE!</u>**



*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

## Na Ceisteanna (10)

- The questions are done after telling the story.
- This section is worth 10 marks.
    - You will ask the examiner three questions about the picture (3 mharc)
    - The examiner will ask you three questions about the picture (7 marc)

**Na ceisteanna a chuirfidh tú ar an scrúdaitheoir**

- These questions can be prepared in advance.
- They do not need to be complex at all.
- The main goal is that the questions have correct syntax and precise grammar.
- Don't ask the same question twice e.g., *"céard a tharla i bpictiúr a dó…. Céard a tharla i bpictiúr a trí?"*
- It is best to ask questions that the examiner can answer in a few words.

✓ **If there is something in the picture sequence that you have forgotten how to say, ask the examiner about this in your questions to prevent them asking you about it e.g., *'Céard a bhí i lámh an bhuachalla nuair a bhí sé san ospidéal?'***

**Na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort**

- Normally, examiners use similar questions in this section and, therefore, we can prepare the most common ones.
- But, the best way to deal with this section is to get a **good understanding of the whole picture sequence** so you can talk about anything in the sequence.
    - Make sure you have a **conjugated verb** in your answer in the **correct tense**.
    - Make sure you give a **concise answer** and don't give a lot of unnecessary information that doesn't relate to the question as this implies that you were ensure what specifically the examiner is looking for and leaves more room to make grammatical errors.
    - If there is more than one section in the question the examiner asks, make sure you **answer all parts of the question**.



*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

## How to Approach the Picture Sequence

- **Firstly**
  - ✓ Start with the **vocabulary** you know in the picture sequence.
  - ✓ Think about the **suitable verbs** you know.
  - ✓ Then, try to form sentences using the **vocabulary AND the verbs** you have.
  - ✓ Connect the pictures naturally using the **connective phrases** in the notes.

- If you don't know how to say something, don't talk about it!
- You do not need to develop the pictures. If something can't be seen in the picture, there is no need to mention it.
- Start confidently and finish confidently to leave a good impression in the examiner's mind.
- Focus on **the most important things** and don't spend too much time on unimportant things.
- **Make sure you do not switch tenses.**

IF YOU START IN THE PAST TENSE, STAY IN THE PAST TENSE!

**TÁ ≠ AIMSIR CHAITE**

## Marking Scheme Breakdown Summary

1. Telling of the story **(70)**
   - **Cumas** (vocab, expression, reference to all relevant material etc.) **(50)**
   - **Cruinneas** (grammar, preciseness, verb usage, nominal cases etc.) **(20)**

2. Questions **(10)**
   - **3 questions** you ask the examiner **(3): 1 mark each**
   - **3 questions** the examiner asks you **(7)**
     - Question 1 → 2 marks
     - Question 2 → 2 marks
     - Question 3 → 3 marks



*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

## Summary of Key Information for the Picture Sequence

- Throughout the *sraith*, it is important to refer to all relevant items in the picture sequence.
- A **logical and continuous** story is desirable, and the more references made to the important material in each picture the better, while over-reliance on simple and unimportant details such as weather, time, and clothing can hinder your marks.
- The clichéd 'seanfhocal conclusion' is one that examiners dread and does not show spoken ability, but rather demonstrates a lack of ability to use conversational Irish in your relaying of the sequence.
- **Note**: It is very important to **refer to all pictures** in the sequence. While pictures are often related and you may discuss two adjacent pictures simultaneously, make sure to **include details from each box to demonstrate a comprehensive knowledge of the sequence.**
- Ensure that each individual picture within the sraith is covered equally and you do not discuss one picture for twice the length of the next.

***An even spread of discussion on each picture is far more favourable.***

- When preparing your answers, ensure all your prepared material is **free from mistakes** to limit the marks lost for grammar errors.
- While more complex grammar structures can, when used well, improve marks, it is far more important to ensure **no basic mistakes** are made to prevent a loss of **cruinneas** marks.
- Make use of the sample sequences to make sure you have no basic mistakes and, if adding to the story, always double check for grammar errors before committing to memory.
- The questions you will ask the examiner should be simple and without grammatical errors as **each one is only worth one mark.** Do not ask the same question more than once i.e. '*céard a tharla i bpictiúr a dó… cad a tharla i bpictiúr a trí*'.
- Ask questions that the examiner can answer in a few words.
- If there is any vocab you do not know, in order to prevent an examiner asking you to discuss that, ask them about this item in your questions i.e. *'Céard a bhí i lámh an bhuachalla sa phictiúr deireanach?'*
- In the questions asked by the examiner, ensure your answer includes a **verb conjugated correctly**, and **answers the question as precisely as possible** without rambling.
- If the examiner poses a question with multiple parts or more than one answer, address all aspects as required.



*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

# FRÁSAÍ DON tSRAITH PICTIÚR

| Ag tús na sraithe | |
|---|---|
| *Lá breá earraigh a bhí ann…* | It was a lovely spring day… |
| *Lá breá samhraidh a bhí ann…* | Is was a lovely summer's day… |
| *Lá fuar feanntach a bhí ann i lár an gheimhridh…* | It was a freezing winter's day… |
| *Maidin fhuar fheanntach a bhí ann /*<br>*Oíche fhuar fheanntach a bhí ann* | It was a freezing morning…<br>It was a freezing night… |
| *Lá fuar fliuch a bhí ann…* | It was a cold wet day |
| *Lá breá gréine a bhí ann…* | It was a lovely sunny day |
| *Bhí sé ag cur de dhíon is de dheora* | It was lashing rain |
| *Bhí sé chomh te le leaca ifrinn* | It was roasting |
| *Bhí an bhliain acadúil thart agus tús na laethanta saoire a bhí ann…* | The academic year was over and it was the start of the summer holidays |
| *Bhí na laethanta saoire ag druidim go deireadh agus tús na bliana acadúla a bhí ann…* | The summer holidays were coming to an end and it was the start of the academic year |
| *Bhí an chlann bailithe timpeall an bhoird, ag labhairt faoi chúrsaí an tsaoil* | The family were gathered around the table, talking about what was going on |
| *Bhí _______ agus _________ ag siúl timpeall na cathrach…* | _______ and ________ were walking around the city |
| *Bhí ________ ar an mbus go dtí ___________* | _______ was on the bus to _________ |
| *Bhí _________ar a mbealach go dtí ________* | _______ were on their way to ________ |
| **Ag ceangal pictiúr le chéile** | |
| *Ina dhiaidh sin,* | After that |
| *Tar éis é sin* | After that |
| *An lá dár gcionn* | The next day |
| *An lá ina dhiaidh sin* | The day after that |
| *Tar éis scoile,* | After school |
| ***Nuair a _______ + séimhiú*** | When ________ |
| *Seachtain ina dhiaidh sin* | A week after that |



THE INSTITUTE OF EDUCATION FOUNDED 1969

*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

| | |
|---|---|
| *Coicís ina dhiaidh sin* | A fortnight after that |
| *Mí ina dhiaidh sin`* | A month after that |
| *An oíche sin* | That night |
| *An mhaidin ina dhiadh sin* | The next morning |
| *Níos déanaí an lá sin* | Later that day |
| *Níos déanaí an tseachtain sin* | Later that week |
| *Nuair a shroich siad _______* | When they reached _____ |
| *Uair ina dhiaidh sin* | An hour later |
| *Ag deireadh an lae* | At the end of the day |
| *Ag deireadh na seachtaine* | At the end of the week |
| *Ag deireadh* + **TUISEAL GINIDEACH** | At the end of ________ |
| *Ag tús* + **TUISEAL GINIDEACH** | At the start of ________ |
| *i lár* + **TUISEAL GINIDEACH** | In the middle of ________ |
| *Tar éis* + **TUISEAL GINIDEACH** | After ________ |
| *i ndiaidh* + **TUISEAL GINIDEACH** | After ________ |
| **Ag deireadh na sraithe** | |
| *Ba léir nach ndéanfaidís dearmad ar an lá sin go deo.* | It was clear that they would never forget that day |
| *Agus ba léir nach ndéanfaidís an botún céanna arís…* | And it was clear that they would not make the same mistake again |
| *Ba lá fada é agus bhí faoiseamh ar _________* **(+ séimhiú)** *go raibh sé tagtha go deireadh i ndeireadh thiar thall* | It had been a long day and ________ was relieved that it had finally come to an end |
| *Ba lá iontach é agus bhí díomá ar _________* **(+ séimhiú)** *go raibh sé tagtha go deireadh* | It had been a brilliant day and ________ was disappointed that it had come to an end |
| *Ar an dea-uair, bhí gach rud togha arís!* | Luckily, everything was fine again! |
| *Ar ámharaí an tsaoil, bhí a* ***g****ceacht foghlamtha* ***acu*** */ bhí a c****h****eacht foghlamtha* ***aige*** */ bhí a ceacht foghlamtha* ***aici*** | Luckily, they had learned their lesson / he had learned his lesson / she had learned her lesson |
| *Ar an drochuair, ba léir nárbh é sin ach an tús!* | Unfortunately, it was clear that was just the beginning! |
| *Faraor, ba léir nár fhoghlaim siad a gceacht…* | Unfortunately, it was clear they hadn't learned their lesson… |
| *Is cinnte go bhfuair sé/sí/siad a raibh tuillte aige/aici/acu…* | It's certain he/she/they got what he/she/they deserved |



THE INSTITUTE OF EDUCATION FOUNDED 1969

Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.

| Foclóir Coitianta | | | |
|---|---|---|---|
| **Gaeilge** | **Béarla** | **Gaeilge** | **Béarla** |
| **Bean** | Woman | **Buachaill** | Boy |
| **Fear** | Man | **Cailín** | Girl |
| **Caife** | Coffee | **Tae** | Tea |
| **Carr/Gluaisteán** | Car | **Duine/daoine** | Person / people |
| **Bus** | Bus | **Tacsaí** | Taxi |
| **Fuinneog(a)** | Window(s) | **Siopa caife** | Coffee shop |
| **Doras** | Door | **Áit** | Place |
| **Seomra(í)** | Room(s) | **Banc** | Bank |
| **Mála** | Bag | **Ollmhargadh** | Supermarket |
| **Cóta** | Coat | **Stáisiúin na nGardaí** | Police Station |
| **Hata** | Hat | **Pasáiste** | Aisle |
| **Teach** | House | **Sráid** | Street |
| **Cistin** | Kitchen | **Bóthar** | Road |
| **Seomra suite** | Sitting room | **Ionad siopadóireachta** | Shopping centre |
| **Séipéal** | Church | **Sráidbhaile** | Village |
| **Seomra leapa** | Bedroom | **Freastalaí** | Waiter |
| **Leaba** | Bed | **Bord** | Table |
| **Teilifís** | Television | **Tolg** | Sofa |
| **Cathaoir / Cathaoireacha** | Chair(s) | **Bord íseal** | Coffee table |
| **Tráidire** | Tray | **Cupán** | Cup |
| **Seilfeanna** | Shelves | **Cófra** | Press / cabinet |
| **Vardrús** | Wardrobe | **Cuntar** | Counter |
| **Gairdín** | Garden | **Oibrí** | Worker |
| **Pictiúr** | Picture | **Tóstaer** | Toaster |
| **Cathair / sa chathair / i lár na cathrach** | Town / in the town / in the middle of the town | **Citeal** | Kettle |
| **Baile** | Town | **Oigheann** | Oven |
| **Meánscoil** | Secondary school | **Babhla** | Bowl |
| **Bunscoil** | Primary school | **Pláta** | Plate |
| **Siopa éadaí** | Clothes shop | **Buidéal** | Bottle |
| **Ospidéal** | Hospital | **Lámh** | Hand / arm |



*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Otharcharr** | Ambulance | **Cos** | Leg / foot |
| **Ag déanamh dinnéir** | Making dinner | **Ceann** | Head |
| **Ag déanamh bricfeasta** | Making breakfast | **Rosta** | Wrist |
| **Ag déanamh lóin** | Making lunch | **Rúitín/murnán** | Ankle |
| **Páirc peile** | Football pitch | **Ceann** | Head |
| **Páirc** | Park | **Clós súgartha** | Playground |
| **Ionad aclaíochta** | Sports centre / gym | **Droim** | Back |
| **Cúirt chispheile** | Basketball court | **Tiománaí** | Driver |
| **Múinteoir(í)** | Teacher(s) | **Tuismitheoir(í)** | Parent(s) |
| **Cara / cairde** | Friends(s) | **Clós na scoile** | School grounds |
| **Geata(í)** | Gate(s) | **Lampa** | Lamp |
| **Páiste / páistí** | Child / children | **Dalta(í)** | Student(s) |
| **Seomra ranga** | Classroom | **Leithris** | Toilets |
| **Clár bán / clár dubh** | Whiteboard / blackboard | **Deasc** | Desk |
| **Cárta creidhmeasa** | Credit card | **Airgead** | Money |
| **Leabharlann** | Library | **Timpiste** | Accident |
| **Gortú** | Injury | **Cnámh** | Bone |
| **Bord cistine** | Kitchen table | **Torthaí** | Fruit |
| **Glasraí** | Vegetables | **Feoil** | Meat |
| **Scipéad** | Till | **Príomhshráid** | Main street |
| **Airgead tirim** | Cash | **Admháil** | Receipt |
| **An bheirt** | The two people | **Ocras** | Hunger |
| **Tart** | Thirst | **Slisne cáca** | Slice of cake |
| **Seomra feithimh** | Waiting room | **Bleachtaire** | Detective |
| **Gadaí** | Thief | **Deasc eolais** | Information desk |



THE INSTITUTE OF EDUCATION FOUNDED 1969

*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

| Briathra Úsáideacha: An Aimsir Chaite | | | |
|---|---|---|---|
| **Rinne** | *Did* | **Bhí** | *Was* |
| **Dúirt** | *Said* | **Chuaigh** | *Went* |
| **Fuair** | *Got* | **Rug _____ ar…** | *Grabbed* |
| **D'ith** | *Ate* | **Tháinig** | *Came* |
| **Chonaic** | *Saw* | **Chuala** | *Heard* |
| **Thug** | *Gave* | **Chaith** | *Spent* |
| **Léigh** | *Read* | **D'ól** | *Drank* |
| **Scríobh** | *Wrote* | **Dhúisigh** | *Woke up* |
| **D'oscail** | *Opened* | **D'úsáid** | *Used* |
| **Dhún** | *Closed* | **Chuir** | *Put* |
| **D'éirigh** | *Got up* | **Chan** | *Sang* |
| **Thiomáin** | *Drove* | **Shíl** | *Thought* |
| **Bhácáil** | *Baked* | **Cheap** | *Thought* |
| **D'imir** | *Played (game/sport)* | **Cheannaigh** | *Bought* |
| **Thit** | *Fell* | **Bhailigh** | *Collected* |
| **Sheinn** | *Played (music…)* | **Rith** | *Ran* |
| **Phlé** | *Discussed* | **D'aimsigh** | *Found* |
| **Thosaigh** | *Started* | **Shiúil** | *Walked* |
| **D'aithnigh** | *Recognised* | **D'inis** | *Told* |
| **Thug _____faoi deara** | *Noticed* | **Chuaigh _____ a chodladh / a luí** | *Went to bed* |
| **Le + h ar ghutaí** | | **Ar + séimhiú** | |
| **Labhair _____ le…** | *Spoke to* | **D'fhéach _____ ar…** | *Watched* |
| **D'éist _____ le…** | *Listened to* | **Thug _____ cuairt ar…** | *Visited* |
| **Bhuail _____ le…** | *Met* | **Rinne _____ staidéar ar…** | *Studied* |



Unauthorised publication, distribution
or reproduction of these notes is prohibited.

# NA CEISTEANNA A CHUIRFIDH TÚ

| Ceist | Brí | Rialacha don Bhriathar | Sampla |
|---|---|---|---|
| **Cén fáth** | Why? | A / NACH + URÚ<br>**NÓ**<br>AR / NÁR + SÉIMHIÚ | *Cén fáth **a bhfuil** freastalaí á lorg acu?* |
| **Cén chúis** | | | *Cén chúis **nach dtéann** sé ag snámh leo?* |
| **Cad ina thaobh** | | | *Cad ina thaobh **ar chuir** sé sa chúisneoir é?* |
| **Cad chuige** | | | *Cad chuige **nár scríobh** sé litir dóibh?* |
| **Cad is cúis** | | + le agus ainmfhocal | *Cad is cúis **leis an bh**fógra?* |
| **Cad ba chúis** | | | *Cad ba chúis **le** cruinniú na scoile?* |
| **Cén tslí** | What way? / how? | A / NACH + URÚ<br>**NÓ**<br>AR / NÁR + SÉIMHIÚ | *Cén tslí **a gceannaíonn** sí an ticéad?* |
| **Cén chaoi** | | | *Cén chaoi **a bhfuair** siad réidh leis?* |
| **Cén dóigh** | | | *Cén dóigh **ar bhris** sé an cupán?* |
| **Cén bealach?** | | | *Cén bealach **ar roinn** siad an t-eolas?* |
| **Conas** | | A + SÉIMHIÚ / NACH + URÚ<br>**NÓ**<br>A / NÁR + SÉIMHIÚ | *Conas **a shroicfidh** sé an suíomh amárach?*<br>*Conas **nach mbeidh** sé i láthair?*<br>*Conas **a bhí** an aimsir?*<br>*Conas **nár cheannaigh** sé é?* |
| **Cá** | Where? | A / NACH + URÚ<br>**NÓ**<br>AR / NÁR + SÉIMHIÚ | *Cá **bhfuil** an cheolchoirm ar siúl?* |
| **Cá háit** | | | *Cá háit **a mbeidh** an t-agallamh?* |
| **Cén áit** | | | *Cén áit **a raibh** an chóisir?* |
| **Cathain** | When? | A + SÉIMHIÚ / NACH + URÚ<br>**NÓ**<br>A / NÁR + SÉIMHIÚ | *Cathain **a thosaíonn** an cluiche?* |
| **Cén uair** | | | *Cén uair **a bhí** an cruinniú ar siúl?* |
| **Cá huair** | | | *Cá huair **a thosaíonn** an cluiche?* |
| **Cé** | Who? | A + SÉIMHIÚ / NACH + URÚ<br>**NÓ**<br>A / NÁR + SÉIMHIÚ | *Cé **a bhuaigh** an comórtas?* |
| **Cén duine** | | | *Cén duine **a labhair** ag an deireadh?* |
| **Cé hiad…** | | | *Cé hiad na daoine **a bheidh** i láthair?* |





Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cad é/ cád í/ cad iad** | What? | A + SÉIMHIÚ / NACH + URÚ<br>**<u>NÓ</u>**<br>A / NÁR + SÉIMHIÚ | Cad é príomhaidhm an fheachtais? |
| **Cad** | | | Cad a fuair sí mar dhuais? |
| **Céard** | | | Céard a dúirt an múinteoir le Seán? |
| **Cé na** | | | Cé na buntáistí a bhaineann leis an suíomh? |
| **Cén __________?** | Which | A + SÉIMHIÚ / NACH + URÚ<br>**<u>NÓ</u>**<br>A / NÁR + SÉIMHIÚ | Cén duine a chuir glaoch uirthi? |
| **Cé mhéad** | How many? | A + SÉIMHIÚ / NACH + URÚ<br>**<u>NÓ</u>**<br>A / NÁR + SÉIMHIÚ | Cé mhéad duine a bhí i láthair? |
| **Cá mhéad** | | | Cá mhéad carr a bhí ar an mbóthar? |
| **Cén t-ainm?** | What name? | A + SÉIMHIÚ / NACH + URÚ<br>**<u>NÓ</u>**<br>A / NÁR + SÉIMHIÚ | Cén t-ainm atá ar an mbanna ceoil? |
| **Cad is ainm do ______?** | | | Cad is ainm don láithreoir nua? |
| **Cén dáta?** | What date? | A + SÉIMHIÚ / NACH + URÚ<br>**<u>NÓ</u>**<br>A / NÁR + SÉIMHIÚ | Cén dáta a thosaíonn an comórtas? |
| **Cé chomh minic?** | How often? | A + SÉIMHIÚ / NACH + URÚ<br>**<u>NÓ</u>**<br>A / NÁR + SÉIMHIÚ | Cé chomh minic a dhéanann siad an comórtas? |



*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

## Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead








Unauthorised publication, distribution
or reproduction of these notes is prohibited.

| Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead |
|---|
| • **Deireadh na bliana acadúla** a bhí ann agus bhí Eoin agus Aoife **os comhair an ríomhaire** **(in oifig a n-athar).**<br>• Bhí **an bheirt acu** tuirseach traochta **(i ndiaidh na scrúduithe a chríochnú)** agus chuaigh siad ar an suíomh gréasáin 'Ticket Master' **(ag iarraidh ceolchoirme).**<br>• Chonaic siad go raibh ceolchoirm ar siúl san Aviva **le linn an tsamhraidh**.<br>• **Bheadh an banna Éireannach** *Picture This* **ag casadh amhrán** óna **albam is deireanaí**.<br>• Dúirt Eoin gur bhanna iontach a bhí iontu agus **go mbeidís in ann cárta a n-athar** a úsáid chun **na ticéid** a cheannach.<br>• D'fhreagair Aoife go raibh an cárta ar an matal agus go raibh **uimhir an chárta** ar eolas aici. |
| • Nuair a **d'aimsigh** siad an cárta, d'úsáid siad é chun **an dá thicéad a chur in áirithe**.<br>• Ba é **céad euro** an **praghas** iomlán.<br>• Líon siad a **seoladh baile**, **seoladh ríomphoist** agus **uimhreacha an chárta creidmheasa** agus **bhrúigh siad an cnaipe** 'clic le híoc' **(sula bhfaca a n-athair céard a bhí á dhéanamh acu).**<br>• D'fhág siad an cárta ar ais **san áit ar aimsigh siad é** agus dhún siad an **leathanach gréasáin** **(ionas nach bhfeicfeadh a dtuistí an peaca marfach a rinne siad).** |
| • **Dhá mhí ina dhiaidh sin**, d'inis siad **bréag** dá dtuistí faoin **áit a raibh siad** ag dul.<br>• Thóg siad tacsaí **chun na cathrach**.<br>• Bhí an áit **ag cur thar maoil.**<br>• Bhí chuile dhuine **ag luascadh a lámh** san aer agus bhí **an-atmaisféar go deo** sa staid.<br>• Bhí **suíocháin iontacha** acu go díreach **os comhair an stáitse** **(le radharc den chéad scoth den bhanna).**<br>• Chas an banna **deich n-amhrán sular imigh siad as radharc** ach **lean an slua ag screadach** go dtí gur tháinig siad ar ais **(ar son an amhráin dheireanaigh)**.<br>• Ag **deireadh na hoíche**, shiúil an slua go mall as an staid agus thóg **an bheirt dhána** tacsaí abhaile. |
| • **Coicís ina dhiaidh sin,** fuair a n-athair **bille na míosa** sa phost.<br>• D'fhéach sé ar **liosta na gcostas** **(agus d'aithnigh sé na costais uisce, aibhléise agus teasa).**<br>• Ach, ag **deireadh an leathanaigh,** chonaic sé na focail 'Ticket Master' le 'céad euro' scríofa in aice leis.<br>• Tháinig **racht feirge** air agus ghlaoigh sé ar Aoife, Eoin, agus a bhean chéile **(chun míniú a fháil).** |
| • **D'fhiafraigh** sé den bheirt an raibh aon mhíniú acu?<br>• Dúirt Aoife gur cheap sí go mbeadh cead acu an cárta a úsáid **(dá n-aisíocfaidís é).** |



THE INSTITUTE OF EDUCATION FOUNDED 1969

*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

- Dúirt Eoin gur cheap sé **go mbeadh sé in ann** an t-airgead a chur ar ais **sa chuntas sula bhfeicfeadh a athair** é **(agus an dallamullóg a chur air).**
- Ba léir go raibh se **ródhéanach**.
- Bhí a máthair **ní b'fheargaí** ná a n-athair mar **chreid sí** iontu.

- **Mar phionós**, **bhí orthu glantachán tí** a dhéanamh don chuid eile den bhliain **(agus ní bhfuair siad airgead póca go dtí an Nollaig).**
- Chaith siad **chuile dheireadh seachtaine ag glanadh an tí** **(ó bhun go barr, ag folúsghlanadh, ag glanadh na bhfuinneog agus ag cur snas ar earraí an tí).**
- **Stán** na tuistí go feargach orthu **(le cinntiú go ndearna siad an obair i gceart).**
- Ba léir go raibh a gceacht foghlamtha acu **(agus nach dtarlódh a leithéid arís).**

## Ceisteanna a chuirfidh tú

- Cén costas a bhí ar na ticéid?
- Cá raibh an cheolchoirm ar siúl?
- Cad a bhí á dhéanamh ag Aoife sa phictiúr deireanach?

## Ceisteanna Samplacha ón Scrúdaitheoir

- Cad a bhí ar an scáileán ag tús na sraithe?
  *Bhí an suíomh gréasáin Ticket Master ar an scáileán le heolas faoi cheolchoirm a bhí ar siúl sa staid Aviva cúpla mí ina dhiaidh sin.*

- Cad a dúirt Eoin le hAoife sa chéad phictiúr?
  *Dúirt Eoin gur bhanna iontach a bhí iontu agus go rachaidís mar bheidís in ann cárta a n-athar a úsáid chun na ticéid a cheannach.*

- Cén costas a bhí ar thicéad amháin/dhá thicéad?
  *Ba é* ***caoga*** *euro an costas a bhí ar* ***thicéad amháin/****Ba é* ***céad*** *euro an costas a bhí ar* ***dhá thicéad****.*

- Cá raibh an cárta creidmheasa?
  *Bhí an cárta creidmheasa ar an matal.*



Unauthorised publication, distribution
or reproduction of these notes is prohibited.

- An raibh uimhir an chárta ar eolas ag ________ (Aoife / Eoin / ag an mbeirt)?
  *Ní raibh uimhir an chárta ar eolas ag Eoin, bhí uimhir an chárta ar eolas ag Aoife.*

- Cad a d'úsáid siad chun na ticéid a cheannach?
  *D'úsáid siad cárta creidmheasa a n-athar chun na ticéid a cheannach.*

- Cá raibh an cheolchoirm ar siúl?
  *Bhí an cheolchoirm ar siúl sa staid Aviva.*

- Cén banna a bhí ag seinm?
  *Bhí an banna 'Picture This' ag seinm.*

- Cá raibh Aoife agus Eoin suite sa staid?
  *Bhí Aoife agus Eoin i lár na staide, go díreach os comhair an stáitse.*

- Cad a cheap a n-athair nuair a bhreathnaigh sé ar bhille na míosa?
  *Bhí mearbhall ar a n-athair nuair a bhreathnaigh sé ar bhille na míosa mar níor aithnigh sé costas amháin a bhí ar an mbille ón suíomh gréasáin 'Ticket Master'.*

- Cad iad na costais eile a bhí ar an mbille?
  *Bhí na costais uisce, aibhléise agus teasa ar an mbille chomh maith leis an tsiopadóireacht sheachtainiúil agus cúpla rud a cheannaigh sé sa siopa éadaí.*

- Cad a d'fhiafraigh daid den bheirt?
  *D'fhiafraigh daid dóibh aon raibh aon mhíniú acu?*

- Cad a dúirt siad lena n-athair nuair a chuir sé ceist orthu faoin mbille?
  *Dúirt Eoin gur cheap sé go mbeadh sé in ann an t-airgead a aisíoc sula bhfeicfeadh a athair é. Dúirt Aoife go raibh brón uirthi agus gur cheap sí go mbeadh cead acu.*

- Cén pionós a fuair siad?
  *Bhí orthu an teach a ghlanadh ó bhun go barr mar phionós.*

- Cad a bhí á dhéanamh ag Aoife sa phictiúr deireanach?
  *Bhí Aoife ag folúsghlanadh sa phictiúr deireanach.*

- Cad a bhí á dhéanamh ag Eoin sa phictiúr deireanach?
  *Bhí Eoin ag glanadh na bhfuinneog / ag cur snas ar na fuinneoga.*



*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

| Foclóir Tábhachtach | | | |
|---|---|---|---|
| **Oifig a n-athar** | Their dad's office | **Os comhair an ríomhaire** | In front of the computer |
| **Ag iarraidh ceolchoirme** | Looking for a concert | **Ag casadh amhrán** | Playing songs |
| **An dá thicéad a chur in áirithe** | To book the two tickets | **Cárta a n-athar** | Their dad's card |
| **Albam is deireanaí** | Latest album | **Uimhreacha an chárta creidmheasa** | Numbers of the credit card |
| **Na ticéid** | The tickets | **Os comhair an stáitse** | In front of the stage |
| **Leathanach gréasáin** | Website | **Suíocháin iontacha** | Brilliant seats |
| **Bhrúigh siad an cnaipe** | They pushed the button | **Radharc den chéad scoth** | A fantastic view |
| **An peaca marfach** | The deadly sin | **An bheirt dhána** | The bold two |
| **An-atmaisféar go deo** | A great atmosphere | **Ar son an amhráin dheireanaigh** | For the last song |
| **Lean an slua ag screadach** | The crowd kept screaming | **Bille na míosa** | The bill of the month |
| **Ag deireadh na hoíche** | At the end of the night | **Bhí orthu** | They had to |
| **Liosta na gcostas** | List of the expenses | **D'fhiafraigh sé den bheirt** | He asked the two |
| **Na costais uisce, aibhléise agus teasa** | The water, electricity and heating costs | **Dá n-aisíocfaidís é** | If they paid it back |
| **Racht feirge** | Fit of rage | **Sa chuntas** | In the account |
| **Aon mhíniú** | Any explanation | **Dallamullóg a chur air** | Deceive |
| **Ag folúsghlanadh** | Hoovering | **Mar phionós** | As a punishment |
| **Glantachán an tí** | Cleaning of the house | **Ag cur snas ar earraí an tí** | Polishing things in the house |
| **Ag glanadh an tí ó bhun go barr** | Cleaning the house from top to bottom | **Ag glanadh na bhfuinneog** | Cleaning the windows |



THE INSTITUTE OF EDUCATION FOUNDED 1969

Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.